Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnú agus Bainistiú Priacal Tuile) 2010 agus 2015
European Communities (Assessment and Management of Flood Risks) Regulations 2010 and 2015

Dréacht Phlean um Bainistiú Priacal Tuile agus Measúnaithe Comhshaoil

Draft Flood Risk Management Plan and Environmental Assessments

Faisnéis Chomhairliúcháin Phoiblí
Public Consultation Information

1. Cúlra agus Cuspóir an dréacht-Phlean um Bainistiú Priacal Tuile

Is í Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) a fhoilsíonn an dréacht-Phlean um Bainistiú Priacal Tuile (PBPT) seo. Tá an dréacht-Phlean seo, chomh maith leis na dréacht-Phleananna le haghaidh limistéir eile ina bhfuil priacal suntasach tuile léirithe, á fhoilsiú chun críoch a chur leis an bpróiseas um chomhairliúchán poiblí maidir leis an gClár um Measúnú agus Bainistiú Priacal Tuile Abhantraí (MBPTA). Tá an comhairliúchán poiblí ar bun chun go mbeidh teacht ag an OPW ar gach fianaise eolas agus tuairimí dá bhfuil ann, mar bhonn eolais le moltaí chuig an Rialtas maidir le céimeanna inmharthana agus inbhuanaithe chun aghaidh a thabhairt ar phriacal tuile.

Arna gcríochnú dóibh, beidh na Pleananna seo mar chomhlánú ar an gClár MBPTA, atá ina chuid bunúsach suntasach de fheidhmiú Pholasaí 2004 an Rialtais maidir le Bainistiú Priacal Tuile. Tá saothar an Ghrúpa Comhordaithe Idir-Rannach um Pholasaí Tuile mar bhonn eolais freisin le feidhmiú iomlán pholasaí 2004 an Rialtais. Chomh maith leis sin, comhlánfaidh na PBPT oibligeáidí na hÉireann maidir le Treoir 'Tuilte' 2007 an AE [2007/60/EC].

Tá an dréacht-Phlean seo ar cheann de 29 dréacht PBPT d'Éirinn; i ngach dréacht-Phlean leagtar amach na céimeanna roghnaithe indéanta chun aghaidh a thabhairt ar an bpriacal suntasach tuile i limistéar tíreolaíoch ar leith, ar a thugtar Aonad Bainistíochta (AB). Taobh istigh de gach AB, ar a bhfuil uimhir ceaptha, tá lion fo-limistéar níos lú a ceapadh mar Limistéir um Measúnú Breise (LMB), tar éis taifid a thaighde, measúnú tosaigh innealtóireachta a dhéanamh agus comhairle a ghlacadh le páirtithe leasmhara faoi Réamh-Mheasúnú Priacal Tuile (RPT) a dhein an OPW in 2011.

Leagann amach ins an dréacht-Phlean seo na céimeanna atá sé ar intinn ag an OPW a mholadh le haghaidh an limistéir a chuimsíonn an dréacht-Phlean agus le haghaidh gach LMB taobh istigh den AB seo. Cé go bhfuil 300 LMB ar bhonn náisiúnta, tá liosta de na LMB taobh istigh den AB seo i gCuid 3 den dréacht-Phlean; is iad seo na limistéir a chinn an RPT mar limistéir faoi phriacal dóchúil suntasach tuile.

Ón uair a ndearnadh an RPT in 2011, dhein an OPW, trí chomhairleoirí innealtóireachta agus ag obair le húdaráis áitiúla agus páirtithe leasmhara eile, measúnaithe forleathana innealtóireachta chun tuiscint níos fearr a fháil ar an bpriacal tuile le haghaidh gach LMB agus é sin a mhionsonnrú. Bhí sé seo i gceist freisin le comhairliúchán poiblí atá críochnaithe anois. Is é toradh ha hoibre sin na mapaí críochnúla tuile, atá ar fáil ar , a thaispeánann na réimsí agus doimhneachtaí tuartha tuile maidir le trí chéim éagsúil ocáide dóchúla tuile.

Thug na mapaí tuile an fhianaise chun réimse roghanna a mheas mar fhreagra ar an bpriacal tuile i ngach LMB. Measúnaítear na roghanna seo chun bealaí a léiriú atá tairbheach ó thaobh costais cuí agus inghlactha ó thaobh comhshaoil, chun dóchúlacht agus/nó tionchar ó thuile 1 i 100-bliain ó aibhneacha agus 1 i 200 bliain i limistéir taoide agus cois cósta a laghdú nó a bhainistiú. Go ginearálta, bhí na tuilte geimhridh i ndeireadh 2015 agus i dtús 2016 ar aon dul (nó i gcásanna áirithe níos measa) le tuile 1 i 100-bliain ins na limistéir ba mheasa, mar a bhfuil seans 1 i 100, nó 1%, go dtarlódh sé in aon bhliain ar leith.

2. Céimeanna Indéanta ins na PBPT

Chun céim roghnaithe a léiriú as na roghanna indéanta uile a breithníodh le haghaidh gach LMB chuir an OPW tuairimí an phobail san áireamh, trí laethanta neamhfhoirmiúla eolais don phobal ins na LMB; breathnaíodh na tairbhí agus na tionchair as gach rogha maidir le daoine, an pobal, an geilleagar, an comhshaol agus an oidhreacht chultúrtha. Cinneadh freisin meastachán ar chostas gach rogha a fheidhmiú agus rinneadh anailís costais is tairbhe. Bhí na cúinsí seo uile mar bhonn eolais le cinneadh ar an rogha a bheadh indéanta agus is oiriúnai le haghaidh gach LMB – ar a thugtar an 'chéim roghnaithe'. Leagtar amach na céimeanna indéanta seo, nach bhfuil iontu ag an bpointe seo ach imlíniú, ins an dréacht-Phlean.

Le haghaidh limistéir ina bhfuil céim chosanta struchtúrach indéanta agus roghnaithe (mar is gá oibreacha caipitiúla agus a chosnaíonn líon réadmhaoin), leagtar amach an chéim seo don LMB sin ins an dréacht-Phlean seo. Is iondúil go gcuimsíonn na céimeanna cosanta seo ballaí cosanta tuile nó claífoirt, leathnú nó doimhniú cainéil nó uiscí tuile a stóráil. Ní bheidh droch-thionchar acu seo ar phriacal tuile na limistéar mórthimpeall. Nuair a bheidh na Pleananna críochnaithe agus faofa, oibreoidh an OPW leis na húdaráis áitiúla agus eagrais eile mar is cuí chun na céimeanna a chur chun cinn. Mar is gnách le gach scéim mhór den chineál seo, beidh tuilleadh comhairliúcháin ar bhonn áitiúil mar chuid den phróiseas seo.

Nuair a bheidh na Pleananna ar fad críochnaithe, cuirfear na céimeanna cosanta uile ó gach ceann den 29 PBPT le chéile, chun liosta náisiúnta tosaíochta a cheapadh. Maidir le gach céim tabharfaidh an tosaíocht tairbhí agus tionchair eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta/cultúrtha san áireamh, chomh maith leis an gcostas.

De réir dlí, beidh gá le faomhadh ón Aire don 29 PBPT agus ansin cuirfear ar aghaidh iad lena nglacadh ag Comhairlí Contae agus Cathrach. Beidh an liosta tosaíochta seo, agus é faofa, mar bhonn eolais chun clár feidhmithe do na hoibreacha caipitiúla a thabhairt chun cinn, a léireoidh cathain a thosóidh na hoibreacha i ngach limistéar. Toisc an obair atá déanta go dtí seo maidir le measúnú roghanna, ba chóir go laghdófaí an t-am a ghlactar de ghnáth chun scéim chosanta tuile a dhearadh agus a chríochnú.

I gcuid de na limistéir, níorbh fhéidir céim struchtúrtha indéanta a aimsiú mar chosaint do chuid den réadmahoin, no an réadmhaoin uile, sa phobal. Do na pobail agus réadmhaoin seo, tá bealaí eile chun tionchar tuile a laghdú; mar shampla, réamhrabhadh faoi thuilte a chur ar fáil agus oibriú le hÚdaráis Áitiúla chun teacht aniar sa phobal a chothú, le pleananna áitiúla ghníomhaíochta tuile nó céimeanna cosanta maidir le réadmhaoin ar leith.

Maidir le cuid de na LMB, rinneadh measúnú priacal tuile agus léiriú ar chéimeanna cuí indéanta trí thionscadail eile, roimh an Clár MBPTA nó i gcomhthreo leis. Cuimsítear na céimeanna seo, agus cuid acu curtha i bhfeidhm cheana féin, taobh istigh den dréacht PBPT.

Ar deireadh, léiríonn an dréacht-Phlean roinnt céimeanna nach bhfuil gá le hoibreacha structhúrtha iontu ('céimeanna neamhstruchtúrtha') mar chuidiú le bainistiú priacal tuile i ngach limistéar ar bhonn náisiúnta; orthusan tá freagairt éifeachtach éigeandála agus Seirbhís Náisiúnta um Réamhaisnéis Tuile. Ins an dréacht-Phlean freisin tá céimeanna mar phleanáil agus forbairt inbhuanaithe chun tógáil ar thuilemhánna a sheachaint agus ar an gcaoi sin fadhbanna nua maidir le priacal tuile a sheachaint amach anseo.

Dá réir sin, leagtar amach ins an dréacht PBPT an réimse céimeanna atá indéanta chun an tionchar ó phriacal tuile aitheanta a chosc, a chosaint agus/nó a laghdú ar na bealaí seo a leanas:

- Bainistíocht inbhuanaithe fadtéarmach priacal tuile maidir le réadmhaoin i roinnt pobal
- Cosaint ó phriacal tuile do mhórán réadmhaoin ins na limistéir is mó atá faoi phriacal
- Freagairt éifeachtach ar ócáidí tuile a chothú chun a dtionchar a laghdú
- Cuidiú lena chinntiú nach gcruthaítear fadhbanna nua priacal tuile amach anseo

Cuirfidh an Grúpa Comhordaithe Idir-Rannach um Pholasaí Tuile tuarascáil os comhair an Rialtais ina mbeidh roghanna polasaí lena mbreathnú ag an Rialtas mar fhreagra ar phriacal tuile do chuid de na réadmhaoin taobh istigh de na LMB agus dóibh siúd taobh amuigh de na LMB nach mbeidh tairbhe iomlán acu ó na céimeanna atá leagtha amach ins na PBPT. Imeasc na céimeanna le breathnú ag an Rialtas atá a dtabhairt chun cinn ag an nGrúpa seo, tá freagairt pholasaí a fhéadfadh cúnamh a sholáthar do dhaoine a fhéadfadh tairbhe a bhaint as Cosaint Réadmhaoine Aonair, agus mar bhonn eolais do scéim dheonach athshuímh bhaile. Táthar ag súil go mbreathnóidh an Rialtas an Tuarsacáil seo i gcomhthreo le toradh na ndréacht PBPT.

3. Comhairliúchán Poiblí

Bhí comhairliúchán poiblí cheana féin ina bhonn eolais chun an dréacht PBPT a thabhairt chun cinn. Sa bhabhta deireanach seo comhairliúcháin phoiblí táthar ag lorg tuairimí ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara maidir le priacal tuile a bhainistiú ar bhonn náisiúnta, agus ar bhonn áitiúil, ar na céimeanna atá anois á moladh mar na céimeanna roghnaithe agus indéanta chun aghaidh a thabhairt ar an bpriacal tuile suntasach aitheanta maidir le limistéar ar leith.

Chun an PBPT a chríochnú tá an OPW anois ag lorg eolais agus tuairimí mar seo a leanas ó bpobal:

Ceisteanna faoin dréacht-Phlean um Bainistiú Priacal Tuile:

Ceist 1: An aontaíonn tú leis na céimeanna atá molta agus leagtha amach ins an dréacht-Phlean um Bainistiú Priacal Tuile le haghaidh:

- Na pobail ar leith (Limistéir um Measúnú Breise, nó 'LMB'; Tabhair le do thoil ainm do LMB dá ndéantar tagairt) agus/nó
- An scála níos leithne abhantraí nó réigiúin?

Ceist 2: An dóigh leat gur cóir céimeanna eile a ghlacadh chun an priacal tuile i do limistéar a bhainistiú? (Tabhair le do thoil ainm do LMB, abhantraí nó réigiúin)

Ceist 3: An dóigh leat go bhfuil an chothromaíocht cheart idir na cineálacha éagsúla céimeanna atá molta ins an dréacht-Phlean um Bainistiú Priacal Tuile?

Ceist 4: Cad iad na céimeanna nó limistéir, dar leat, gur cóir an tosaíocht is airde a leagan orthu maidir le céimeanna um bainistiú priacal tuile a chur ar aghaidh?

Ceist 5: Cad é an ról a fheiceann tú agat féin nó ag do phobal maidir le bainistiú priacal tuile i do cheantar féin?

Ceist 6: Cad is dóigh leat is féidir a dhéanamh maidir le comhordú idir cháilíocht uisce abhantraí agus pleanáil um bainistiú priacal tuile?

Ceist 7: Cad iad na ceisteanna nó réimsí breise is dóigh leat ba chóir díriú orthu ins an dara bhabhta fheidhmithe de Threoir 'Tuilte' an AE (2016 - 2021) maidir le:

- Priacal tuile agus/nó limistéir faoi phriacal tuile a léiriú,
- Priacal tuile a mheasúnú agus a mhapáil, agus/nó,
- Pleanáil um bainistiú priacal tuile?

Ceisteanna maidir leis na Measúnaithe Comhshaoil:

Ceist 8: An aontaíonn tú le conclúid na measúnaithe comhshaoil?

Ceist 9: An dóigh leat go bhfuil tionchair suntasacha breise comhshaoil ar bith ón dréacht-Phlean um Bainistiú Priacal Tuile gur cóir breathnú orthu?

Ceist 10: An dóigh leat go bhfuil tuilleadh deiseanna comhhaoil, nó céimeanna maolaithe, ba chóir a mheas sa Phlean um Bainistiú Priacal Tuile?

Cuir isteach do thráchta agus tuairimí le do thoil, le sonraí teagmhála:

trí ríomhphost chuig: **draftplans@opw.ie**

sa phost chuig:

Dréacht-Phleananna Tuile – Comhairliúchán
Seirbhísí Innealtóireachta
Oifig na nOibreacha Poiblí – Ard-Oifig
Sráid Jonathan Swift
Baile Átha Troim
Co. na Mí
C15 NX36

Beidh eolas ar bith a chuirtear ar fáil faoi réir ag forálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Beidh eolas pearsanta faoi réir ag forálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí.

Féadfar ceisteanna maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin ar na dréacht-Phleananna a sheoladh trí ríomhphost chuig: **draftplans@opw.ie**

Féadfar fiosruithe teileafóin a dhéanamh chuig: **046 942 6039.** Beidh seirbhís freagartha ar an uimhir theileafóin seo. Le do thoil, fág d'ainm, uimhir theagmhála agus an cheist. Déanfaidh an OPW iarracht do cheist a fhreagairt chomh luath agus is féidir.

Tá eolas breise maidir leis an gcomhairliúchán seo, chomh maith leis an spriocdháta le haghaidh tuairimí nó tráchta, ar fáil ar shuíomh gréasáin an OPW: www.opw.ie/FloodPlans

Tabhair faoi deara le do thoil **nach comhairliúchán ar na mapaí tuile** é seo, mar tá an próiseas comhairliúcháin sin críochnaithe anois. Athbhreithneofar na mapaí tuile faoi dheireadh 2019 de réir Treoir 'Tuilte' an AE.

1. Background and Purpose of the draft Flood Risk Management Plan

This draft Flood Risk Management Plan (FRMP) is published by the Office of Public Works (OPW). This draft Plan, along with the draft Plans for other areas with identified significant flood risk, is being published to finalise the public consultation process on the Catchment Flood Risk Assessment and Management (CFRAM) Programme. The public consultation is being carried out to make available to the OPW all available evidence, knowledge and opinions to inform its recommendations to Government on viable and sustainable measures that can address flood risk.

When finalised, these Plans will complete the CFRAM Programme, a core and significant part of the implementation of the Government's 2004 Flood Risk Management Policy. The full implementation of the Government's 2004 policy is also being informed by the work of the Inter-Departmental Flood Policy Co-ordination Group. The FRMPs will also meet Ireland's obligations under the 2007 EU 'Floods' Directive [2007/60/EC].

This draft Plan is one of 29 draft FRMPs for Ireland and each draft Plan sets out the preferred feasible measures that can address the significant flood risk in a geographic area, called a Unit of Management (UoM). Each UoM, which has been assigned a number, includes a number of smaller sub-areas within it that were designated as Areas for Further Assessment (AFAs) following research of records, an initial engineering assessment and public and stakeholder consultation under a Preliminary Flood Risk Assessment (PFRA) exercise that was carried out by the OPW in 2011.

The draft Plan sets out the measures that the OPW is proposing to recommend for the area covered by the draft Plan and for each AFA within this UoM. While nationally there are 300 AFAs the AFAs within this UoM are listed in Section 3 of the draft Plan and are those areas that the PFRA determined as being at potentially significant risk from flooding.

Since the PFRA was carried out in 2011, the OPW, through its engineering consultants and working with local authorities and other stakeholders, has conducted extensive engineering assessments to better understand and detail the actual risk from flooding for each AFA. This too was the subject of earlier public consultation that is now completed. The outcome of that earlier work is the final flood maps, available on www.opw.ie/FloodPlans, that show the predicted flood extents and depths for three different degrees of possible flood event.

The flood maps have provided the evidence to consider a range of possible options that could address the flood risk for each AFA. These options are assessed to identify cost beneficial appropriate and environmentally acceptable ways to reduce or manage the likelihood and/or impact of flooding in the 1 in 100-year flood from rivers and the 1 in 200-year flood for tidal and coastal flood-prone areas. In very general terms the winter floods of late 2015 and early 2016 were similar to (and in some cases may have exceeded) a 1 in 100-year event for the worst affected areas, for which there is a 1 in a 100, or 1%, chance it could occur in any given year.

2. Feasible Measures Contained in the FRMPs

In identifying a preferred measure from all of the feasible options considered for each AFA, the OPW has, through a series of informal public information days held in the AFAs, taken the views of the public into account and considered what benefits and impacts each option has for people the community, the economy, the environment and cultural heritage. The estimated cost of implementing each option has also been determined, and a cost-benefit analysis has been undertaken. These factors have all helped inform a decision as to which option would be feasible and the most appropriate for each AFA – referred to as the 'preferred measure'. These feasible measures, which are in outline form only at this stage, are set out in the draft Plan.

For areas where a structural protection measure (that requires capital works and gives protection to a number of properties) is feasible and preferred, this measure for that AFA is set out in this draft Plan. These protection measures typically include flood defence walls or embankments channel widening or deepening or the storage of flood waters. These will not negatively impact on the flood risk to surrounding areas. The structural measures may be of a major or minor nature and scale. When the Plans are finalised and approved, the OPW will work with the local authorities and other organisations as appropriate to progress the measures. As with all major schemes of this nature this process will include further, locally based, consultation.

The protection measures from all 29 FRMPs, will be brought together when all of the Plans are finalised to form a national priority list. The prioritisation will take into account the economic environmental and social/cultural benefits and impacts for each measure, as well as its cost.

All 29 FRMPs will, by law, require Ministerial approval and will then be presented for adoption by the County and City Councils. When approved, this prioritised list will inform the development of a programme of implementation for the capital works which will give an indication of when works for each area will start. The work completed to date in the assessment of options should reduce the average time it has traditionally taken to design and complete a flood defence scheme.

In some areas, it has not been possible to find a feasible structural measure to protect all or any of the properties in a community. For these properties and communities, there are other ways to reduce the impact of flooding, such as by providing advance warning of imminent flood events and working with Local Authorities, by developing community resilience through local flood action plans or by using protection measures for individual and separate properties.

For some of the AFAs, assessments of flood risk and the identification of the appropriate, feasible measures were already undertaken prior to, or were undertaken in parallel with, the CFRAM Programme through other projects. These measures, some of which are already built or implemented, are included within the draft FRMP.

Finally, the draft Plan identifies a number of measures that do not require structural works (referred to as 'non-structural measures') that can help manage existing flood risk in all areas nationally such as effective emergency response and a National Flood Forecasting Service. The draft Plan also contains measures such as sustainable planning and development to avoid building in flood plains which will help avoid creating new flood risk problems in the future.

Accordingly, the draft FRMP sets out the range of feasible measures that can prevent protect and/or help to reduce the impact from a known flood risk through:

- long term sustainable management of flood risk to properties in a number of communities
- protection from the risk of flooding to many properties in the higher risk areas
- promoting an efficient response to flood events to reduce their impact
- helping to ensure new flood risk problems are not created in the future

The Inter-Departmental Flood Policy Co-ordination Group will present a report to Government that will include policy options for consideration by Government to address the flood risk for some properties within the AFAs and for those outside of the AFAs that will not fully benefit from the measures set out in the FRMPs. Among the measures being developed by this Group for consideration by Government include a policy response that may provide assistance for people whose properties may benefit from Individual Property Protection and to inform the consideration of a voluntary home relocation scheme. The Government is expected to consider this Report in tandem with the outcome of the draft FRMPs.

3. Public Consultation

Public consultation has already informed the development of the draft FRMP, and this final round of public consultation is to seek public and stakeholder opinion on how flood risk can be managed nationally and, more locally, on the measures now being proposed as the preferred and feasible measures to address known significant flood risk for a particular area.

To finalise the FRMP the OPW is now seeking the following information and views from the public:

Questions on the draft Flood Risk Management Plan:

Question1: Do you agree with the proposed measures set out within the draft Flood Risk Management Plan for:

- the individual communities (Areas for Further Assessment, or 'AFAs'; Please give the name of your AFA being referred to) and/or
- the wider catchment or regional scale?

Question 2: Do you think that other measures should be undertaken to manage the flood risk in your area? (Please give the name of your AFA, catchment or region)

Question 3: Do you think that the right balance is provided between the different types of measures proposed in the draft Flood Risk Management Plan?

Question 4: What measures or areas do you think should be given the highest priority in progressing measures to manage the flood risk?

Question 5: What role do you see you or your community playing with regard to the management of flood risk in your area?

Question 6: What do you think can be done to improve the co-ordination of river basin water quality and flood risk management planning?

Question 7: What additional issues or areas do you think should be focussed on in the second cycle of the EU 'Floods' Directive implementation (2016 - 2021) when:

- identifying flood risk and/or flood risk areas,
- assessing and mapping flood risk, and/or,
- planning for the management of flood risk?

Questions on the Environmental Assessments:

Question 8: Do you agree with the conclusions of the environmental assessments?

Question 9: Are there any further significant environmental effects of the draft Flood Risk Management Plan which you think should be considered?

Question 10: Are there further environmental opportunities or mitigation measures that should be considered in the Flood Risk Management Plan?

Please submit your comments and observations, with contact details:

by email to: **draftplans@opw.ie**

by post to:

Draft Flood Plans Consultation
Engineering Services
Office of Public Works HQ
Jonathan Swift Street
Trim
Co. Meath
C15 NX36

Any information provided will be subject to the provisions of the Freedom of Information Acts. Personal information will be subject to the provisions of the Data Protection Acts.

Queries on the consultation process for the draft Plans can be sent by email to: **draftplans@opw.ie**

Telephone queries may be made to**: 046 942 6039.** There will be an answering service on this phone number. Please leave your name, contact number and query. The OPW will endeavour to answer your query as soon as possible.

Further details on this consultation, including the date by which observations or comments are required, are available on the OPW website: www.opw.ie/FloodPlans.

Please note that this is **not a consultation on the flood maps**, as that consultation process has now been completed. The flood maps will be reviewed by the end of 2019 in accordance with the EU 'Floods' Directive.

OPW
Oifig na nOibreacha Poiblí
The Office of Public Works